4 Phost Taighde in FIONTAR
Téarmeolaíocht agus logainmneacha

Tá FIONTAR ag earcú 4 thaighdeoir ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus d'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla a bheith i gceist ó am go ham: www.logainm.ie, www.focal.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus tionscadal téarmaí dlí bunaithe ar ionstraimí reachtúla agus foinsí eile. Beidh na taighdeoirí páirteach i meitheal taighde idirdhisciplíneach FIONTAR. Déanfar na ceapacháin seo ar dhá leibhéal.

Eagarthóir Taighde (2 phost)
Tuarastal: (€37,750 – €38,860 – €40,003)
Riachtanais:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge mar aon le céim Mháistreachta i réimse cuí.
PhD agus/nó taithí dhá bhliain lánaimseartha ar a laghad i bpost a bhain le sainréimse na teanga (i ról eagarthóireachta nó taighde mar shampla). Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar ghnéithe d'obair thaighde a phleanáil go céimnitheach, an obair a chomhordú as a stuaim féin agus na torthaí a léiriú agus a mheas.

Cúntóirí Eagarthóireachta Taighde (2 phost)
Scála Tuarastail: €29,342–€30,200–€31,083–€31,993–€32,930
Pointe iontrála de réir cáilíochtaí agus taithí.
Riachtanais:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Is gá céim Mháistreachta i réimse cuí agus/nó taithí dhá bhliain i ról eagarthóireachta nó taighde i réimse na Gaeilge scríofa. Ní mór d'iarrthóirí a bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus a léiriú go bhfuil siad in ann obair shlachtmhar a dhéanamh agus spriocanna a chomhlíonadh.

Is féidir na ceapacháin uile a dhéanamh ar chonradh 27 mí ag tosú Eanáir 2011.

Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach do na ceapacháin uile. Beidh tástáil scríofa sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tá páirtmhaoiniú ag formhór na dtionscadal seo ón Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun na poist seo a phlé:
An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
Fón: +353 (0)1 700 5173; R-phost: caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais:

Dé hAoine, 27 Lúnasa 2010

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha

Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: hr.applications@dcu.ie

www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.